Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14458/15**

**RECH 285**
**COMPET 537**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14184/15 RECH 277 COMPET 515 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde<br>*-Glacadh* |

1. Ó tharla an t-athbhreithniú ar shainordú Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) in 2010, d'iarr an Chomhairle roinnt uaireanta go mbeadh struchtúr comhairleach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar an Limistéar Eorpach Taighde (LET). Sna conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2015, d'iarr an Chomhairle ar Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) togra a ullmhú faoin 15 Deireadh Fómhair 2015 maidir le struchtúr comhairleach LET don Chomhairle (Iomaíochas) i mí na Nollag 2015.

2. Mar a d'iarr an Chomhairle, chuir CLETN a thuairim maidir le struchtúr comhairleach LET ar fáil faoin spriocdháta a bhí leagtha síos. Ar bhonn na Tuairime sin, mhol an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle, a scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde ag na cruinnithe a bhí aici an 26 Deireadh Fómhair agus an 9 agus an 16 Samhain 2015.

2. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Samhain 2015, réitigh sé na saincheisteanna a bhí fós ann agus chomhaontaigh siad na dréacht-Chonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 30 Samhain - 1 Nollaig 2015 le go nglacfar iad. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta ag PL maidir leis an téacs, tar éis na dtoghchán náisiúnta a bhí ann le déanaí.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, ar an gComhairle (Iomaíochas), ag an seisiún a bhí aici an 30 Samhain - 1 Nollaig 2015, na conclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach iad sa téacs atá i gceangal leis seo.

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN ATHBHREITHNIÚ AR STRUCHTÚR COMHAIRLEACH AN LIMISTÉIR EORPAIGH TAIGHDE**

Maidir le COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI

– na Conclúidí uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a fhorbairt trí Ghrúpaí a bhaineann le LET, an 1 Meitheamh 2011[1], inar dheimhnigh sí arís gur gá comhordú neartaithe a bheith ann idir Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) agus na grúpaí a bhaineann le LET, agus inar cuireadh béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí gach feabhsú ábhartha sa chomhar seo a shaothrú i gcomhréir leis an toradh ar an gcomhairle ó CLETN[2] maidir leis an athbhreithniú ar ghrúpaí a bhaineann le LET;

– an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le comhpháirtíocht neartaithe LET don sármhaitheas agus don fhás, an 17 Iúil 2012[3], agus an fhreagairt ón gComhairle ina leith sin sna Conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2012[4];

– a Rún maidir leis an obair chomhairleach le haghaidh an Limistéir Eorpaigh Taighde an 30 Bealtaine 2013[5], inar chomhaontaigh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na stádais, ar na sainorduithe agus ar línte tuairiscithe na ngrúpaí sin a bhaineann le LET agus a bhí bunaithe ag an gComhairle roimh dheireadh na bliana 2014 agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar CLETN a mheas an gá an t-athbhreithniú sin a dhéanamh i ndáil leis na grúpaí atá bunaithe acu féin;

– na Conclúidí uaithi maidir le tuarascáil LET 2014 ar dhul chun cinn[6] an 5 Nollaig 2014, inar iarr an Chomhairle ar CLETN athchóiriú ar rialachas i dtaca le LET a phlé agus a mholadh faoi 2015;

– na Conclúidí uaithi maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach an Limistéir Eorpaigh Taighde an 29 Bealtaine 2015[7], inar ghlac an Chomhairle leis go bhfuil struchtúr comhairleach de dhíth a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun LET a chur chun feidhme agus d'iarr sí ar CLETN togra a ullmhú maidir le struchtúr comhairleach LET faoin 15 Deireadh Fómhair 2015;

---

[1] 11032/11
[2] CLETN 1206/11
[3] 12848/12
[4] 17649/12
[5] 10331/13
[6] 16599/14
[7] 9342/15

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú an struchtúir chomhairligh lena áirithiú go gcuirfear LET chun feidhme ar bhonn comhleanúnach, éifeachtúil agus a thábhachtaí atá Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde chun an méid atá i ndán do LET a bhaint amach agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuairim a ghlac Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) maidir leis an athbhreithniú ar struchtúr comhairleach LET agus IARRANN SÍ go gcuirfear chun feidhme í go gasta[8];

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ ról comhordaitheoireachta CLETN agus an deis atá aige mar choiste comhairleach straitéiseach an struchtúr comhairleach foriomlán a chomhtháthú agus comhairle a thabhairt maidir le treoirlínte uileghabhálacha do bheartais amach anseo trí leas a bhaint as measúnuithe tionchair a rinneadh ar bheartais roimhe seo agus trí bhreathnú ar chásanna a thiocfadh chun cinn, b'fhéidir, amach anseo; CUIREANN SÍ I dTREIS gur oibrigh na grúpaí i gcomhar lena chéile, go príomha trí Bhord Stiúrtha CLETN, mar a ndéantar ionadaíocht ar na grúpaí uile a bhaineann le LET; ina theannta sin, CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuiltear ag iarraidh an próiseas (amhail tráthúlacht oibre, sceidealú na gcruinnithe, leagan amach na cumarsáide leis an gComhairle) a chomhordú, ach gurb iad CLETN agus na grúpaí eile a bhaineann le LET amháin atá freagrach as ábhar na comhairle a chuireann siad ar fáil;

3. Cé go mbeidh a bhfeidhmeanna le comhlíonadh i gcónaí ag na grúpaí uile a bhaineann le LET, GLACANN SÍ LEIS go gcaithfear tuilleadh a dhéanamh chun an ró-ualach faireacháin agus tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na grúpaí a bhaineann le LET réimsí a shainaithint ina bhféadfaí an ró-ualach faireacháin agus riaracháin a ghabhann leis an tuairisciú a laghdú le breis sruthlíniú;

**Líon na nGrúpaí**

4. AONTAÍONN SÍ LEIS go nglacfaidh CLETN agus na grúpaí eile a bhaineann le LET[9] freagracht orthu féin, ag an bpointe seo, maidir le tosaíocht ainmnithe LET chun an Limistéar Eorpach Taighde agus Treochlár LET a chur chun feidhme mar a leanas:

---

8 CLETN 1212/15

9 Áirítear ar na grúpaí a bhaineann le LET faoi láthair Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN), an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI), an Fóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (FSCI), an Grúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach, Grúpa Heilsincí ar Inscne sa Taighde agus sa Nuáil (HG), Grúpa Stiúrtha Ghníomhaireacht Taighde na hEorpa um Acmhainní Daonna agus um an tSoghluaisteacht (SGHRM) agus Meitheal CLETN um Aistriú Eolais (KT). Tá ról straitéiseach breise ag ESFRI seachas an ról a bhaineann le LET agus le treochlár LET, nach bhfuil faoi réir na gConclúidí seo.

- Tosaíocht 1: Córais náisiúnta taighde a bheadh níos éifeachtaí (CLETN)
- Tosaíocht 2a: An comhar agus an iomaíocht trasnáisiúnta is fearr is féidir (GCP)
- Tosaíocht 2b: Bonneagair Taighde (ESFRI)
- Tosaíocht 3: Margadh oscailte saothair do thaighdeoirí (SGHRM)
- Tosaíocht 4: Comhionannais inscne agus príomhshruthú inscne maidir le taighde (HG)
- Tosaíocht 5: An chúrsaíocht is fearr is féidir, rochtain ar eolas eolaíoch agus aistriú an eolais eolaíoch (grúpa nua a bhfuil sainordú níos leithne aige agus a ghabhann ionad Mheitheal CLETN um Aistriú Eolais)
- Tosaíocht 6: Comhar Idirnáisiúnta (FSCI);

5. AONTAÍONN SÍ nár cheart líon na ngrúpaí a bhaineann le LET a bheith níos mó ná líon thosaíochtaí LET mar a chinneann an Chomhairle iad;

6. Ina theannta sin, AONTAÍONN SÍ le cur chuige CLETN, arb é an cur chuige seo a leanas é:
   - níor cheart grúpa nua a bhaineann le LET a bhunú ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha suntasacha ar gá obair mharthanach thar roinnt blianta a dhéanamh ina leith agus ba cheart cuspóir soiléir agus tréimhse shonraithe saoil a bheith leagtha amach ina théarmaí tagartha agus ina shainordú;
   - ba cheart aon ghrúpa den sórt sin a bhunú mar mheitheal bhuan de chuid CLETN (ar féidir le CLETN féin an sainordú a formheas ina leith) nó mar chumraíocht de chuid CLETN faoi réir fhormheas na Comhairle;
   - chun críoch eile a shaineofar go soiléir agus chun breisluach a sholáthar do LET, ba cheart do CLETN meithleacha *ad hoc* a bhunú a mbeadh tréimhse bliana saoil acu nó níos lú;

**Sainorduithe**

7. MEABHRAÍONN SÍ an tuairim ar tháinig sí uirthi gur cheart sainorduithe na ngrúpaí sin a bhaineann le LET a athbhreithniú, agus i gcás inar gá, a leasú nó a aisghairm ar a laghad gach trí bliana; CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá réiteach a fháil ar aon saincheisteanna láithreacha gan mhoill agus AONTAÍONN SÍ go ndéanfar an chéad athbhreithniú iomlán tráth nach déanaí ná 2018 i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i dTuairim CLETN[10];

8. TUGANN SÍ sainordú nua do CLETN IN IONAD an tsainordaithe a bhí aige roimhe seo agus leagtar amach san Iarscríbhinn é agus beidh feidhm aige láithreach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na dréachtrialacha nós imeachta atá á mbeartú do Choiste Stiúrtha CLETN[11] agus a áireofar ar na rialacha nós imeachta leasaithe sin de chuid CLETN a bheidh le glacadh ag CLETN;

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart gurb iad na príomhionstraimí chun sruthlíniú[12] níos fearr a dhéanamh na clásail chaighdeánacha a mhol CLETN, atreisithe trí chomhoibriú idir na grúpaí, struchtúraithe go príomha tríd an mBord Stiúrtha nua; agus IARRANN SÍ ar na grúpaí eile a bhaineann le LET na clásail sin a chuimsiú sna sainorduithe atá acu;

10. IARRANN SÍ ar fhoirmíochtaí tiomnaithe CLETN, a bhunaigh an Chomhairle, .i. FSCI agus GCP, a gcuid tograí le haghaidh a sainorduithe nua a thabhairt cothrom[13] le dáta d'fhonn na clásail chaighdeánacha a chuimsiú agus a gcuid tograí a thíolacadh don Chomhairle faoi thús 2016; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na clásail chaighdeánacha a chuimsiú i sainorduithe na ngrúpaí a bhunaigh sé, eadhon HG agus SGHRM; agus, ag aithint di go bhfuil ról breise straitéiseach ag ESFRI seachas a ról maidir le LET agus maidir le Treochlár LET, IARRANN SÍ ar ESFRI na clásail iomchuí chaighdeánacha a chuimsiú sa sainordú atá aige agus cur chun feidhme éifeachtach Thosaíocht 2b de chuid Threochlár LET á shaothrú aige;

---

10 CLETN 1212/15, Iarscríbhinn D
11 CLETN 1212/15, Iarscríbhinn G
12 CLETN 1212/15, Iarscríbhinn C
13 CLETN-GCP 1302/1/15 REV 1 agus CLETN-FSCI 1355/15 faoi seach.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur bunaíodh meitheal bhuan nua de chuid CLETN chun ionad na Meithle um Aistriú Eolais a ghabháil, a bhfuil sainordú nua aige chun go gcumhdófar gnéithe ábhartha na heolaíochta oscailte / na nuála oscailte a chumhdach atá le bheith oibríochtúil faoi lár-2016; IARRANN SÍ AR CLETN agus ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar ghrúpaí atá ann cheana sa réimse sin a chumasc chun cur leis an éifeachtúlacht agus chun an dúbláil agus ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le dlúthchomhar le gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid grúpaí eile a bhaineann le LET;

**Línte tuairiscithe**

12. AONTAÍONN SÍ le cur chuige CLETN gur cheart, agus tréimhse riachtanach idirlinne a bheith ann, gur faoi théarmaí tagartha na Comhairle ag an deireadh a bheadh na grúpaí uile a bhaineann le LET; dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breathnú ar shainorduithe HG agus SGHRM d'fhonn na grúpaí sin a athrú go meithleacha buana de chuid CLETN tráth nach déanaí ná an chéad athbhreithniú tríbhliantúil faoi 2018; sa chomhthéacs sin SONRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tacaíocht ón gCoimisiún sna grúpaí sin a choimeád agus an t-athrú sin ar bun, de réir mar is iomchuí; is gá plé a dhéanamh maidir le tacaíocht a thabhairt tar éis an athraithe sin agus is gá teacht ar chomhaontú faoi réiteach a bheidh neodrach don Chomhairle ó thaobh an bhuiséid;

13. AONTAÍONN SÍ leis an togra ó CLETN go soláthróidh na grúpaí eile a bhaineann le LET tuairisc ghearr bhliantúil, agus í cothrom le dáta, do CLETN maidir leis an dul chun cinn agus an tionchar i leith Threochlár LET agus go dtabharfaidh CLETN tuarascáil bhliantúil don Chomhairle chun a áirithiú go dtabharfar léargas don Chomhairle go tráthrialta agus go cuimsitheach maidir le dul chun cinn;

**Ar deireadh,**

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE liosta an Choimisiúin de na grúpaí comhairleacha a bhunaigh an Coimisiún mar aon le mapáil na ngrúpaí sin le hais na ngrúpaí a bhaineann le LET; sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di go bhfuil rún ag CLETN plé a dhéanamh go tráthrialta ar an gcomhordú idir na ngrúpaí sin a bhaineann le LET agus na sainghrúpaí a bheidh ag an gCoimisiún amach anseo agus atá aige cheana chun forluí nó bearnaí idir na grúpaí a sheachaint; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le comhordú iomchuí idir ionadaithe náisiúnta sna grúpaí éagsúla a bhaineann le LET chun go mbeidh an struchtúr comhairleach éifeachtach;

15. MEASANN SÍ go mbeadh sé ina thús maith ról agus feidhmeanna na gcomhchathaoirleach ar CLETN a shainiú bunaithe ar chomhpháirtíocht chothrom faoi mar a mhol CLETN[14]; AONTAÍONN SÍ go bhféadfadh athrú teacht ar *modus operandi* na comhchathaoirleachta agus mar sin gur cheart é a leasú i bhfianaise taithí;

16. SPREAGANN SÍ gach páirtí chun cur go réamhghníomhach leis an gcomhar feabhsaithe idir na grúpaí; agus TÁ SÍ AG SÚIL LE tosú ar an gcéad phróiseas athbhreithnithe tríbhliantúil ar struchtúr comhairleach LET tráth nach déanaí ná faoin gcéad leath de 2018.

---

[14] CLETN 1212/15, Iarscríbhinn E

**IARSCRÍBHINN**

**Sainordú an Choiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta (CLETN)**

1. An Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta (CLETN, dá dtagraítear an Coiste anseo feasta) a bheidh mar choiste comhairleach i ndáil leis an mbeartas straitéiseach ar réimse iomlán an taighde agus na nuála i gcreat rialachais an Limistéir Eorpaigh Taighde (dá dtagraítear LET anseo feasta).

2. Bunchuspóir príomha an Choiste is ea ionchur straitéiseach a chur ar fáil go tráthúil don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme leanúnach LET sna Ballstáit agus i dTíortha Comhlachais agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le beartais do thaighde straitéiseach agus nuáil. Déanfaidh an Coiste an méid sin as a stuaim féin nó arna iarraidh sin ón gComhairle nó ón gCoimisiún.

3. Maidir lena bhunchuspóir, déanfaidh an Coiste an méid a leanas, ach go háirithe:

    a. tabharfaidh sé comhairle, go luath, maidir le sainiú agus ceapadh na dtosaíochtaí straitéiseacha do thionscnaimh bheartais maidir le taighde agus nuáil a bhaineann le forbairt LET, lena n-áirítear Creatchláir an Aontais agus tionscnaimh ábhartha eile AE, idir-rialtasach agus náisiúnta;

    b. comhairle a thabhairt maidir le treoshuímh leathana do bheartais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus don idirghníomhaíocht idir na beartais atá ann cheana ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chuireann le forbairt LET;

c. d'fhonn 3 (a) agus (b) a bhaint amach agus d'fhonn LET a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite agus éifeachtach agus chun breisluach Eorpach a áirithiú, obair a dhéanamh i gcomhar leis na grúpaí eile a bhaineann le LET[15] agus le tacaíocht uathu chun tosaíochtaí uile LET a chumhdach;

d. sa chreat coláisteach sin, déanfaidh sé maoirseacht ar dhul chun cinn LET, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhlántachta á gcur san áireamh acu agus leagfaidh sé béim ar leith ar éifeachtúlacht, inrochtaineacht, trédhearcacht agus comhtháiteacht a ionstraimí agus a thionscnamh, lena n-áirítear iad siúd a sainíodh i gCreatchláir an Aontais, go háirithe agus critéar an bhreisluacha Eorpaigh á chur san áireamh;

e. an gá le measúnuithe neamhspleácha ar bheartais a bhaineann le LET a shainaithint agus torthaí na measúnaithe sin a úsáid chun moltaí a thabhairt do dhul chun cinn níos mó agus níos fearr maidir le LET;

f. in éineacht leis na grúpaí eile a bhaineann le LET, cuidiú, nuair is ábhartha, le comhordú na mbeartas taighde agus nuála a chur chun cinn agus lena áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht fhrithpháirteach idir na beartais náisiúnta agus beartais an Aontais;

g. beidh sé réamhghníomhach maidir le teacht ar cheisteanna beartais lena bhféadfaí cur go héifeachtúil leis an ullmhúchán do dhíospóireachtaí beartais sa Chomhairle (Iomaíochas).

4. Sa bhreis ar a bhunchuspóir príomha, cuirfidh an Coiste chun cinn freisin meastóireacht dheonach ar mheascáin de bheartais náisiúnta, ar athbhreithnithe piaraí agus ar chleachtaí foghlama frithpháirtí atá ábhartha do cheapadh, cur chun feidhme agus meastóireacht na n-athchóirithe náisiúnta ar Thaighde agus ar an Nuáil (lena n-áirítear uirlisí amhail Saoráid Tacaíochta Beartais Fís 2020). Féadfar meithle ad-hoc a bhunú a oibreoidh faoi stiúir an Choiste le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.

---

15 Mar a sainíodh sna Conclúidí ón gComhairle ó mhí Bealtaine 2015, "Áirítear ar na grúpaí a bhaineann le LET faoi láthair Coiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta, an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagar Taighde (ESFRI), an Fóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (FSCI), an Grúpa Ardleibhéil um Chlársceidealú Comhpháirteach, Grúpa Heilsincí ar Inscne sa Taighde agus sa Nuáil (HG), Grúpa Stiúrtha Ghníomhaireacht Taighde na hEorpa um Acmhainní Daonna agus um an tSoghluaisteacht (SGHRM) agus Meitheal CLETN um Aistriú Eolais (KT - *Nóta: le nuashonrú i bhfianaise chinneadh CLETN an 7 Iúil*). Tá Fóram Digiteach LET agus grúpa na bpointí náisiúnta tagartha maidir le Rochtain Oscailte (NRP maidir le OA) ag cuidiú freisin leis an Limistéar Eorpach Taighde a chur chun feidhme. Tá ról straitéiseach breise ag ESFRI seachas an ról a bhaineann le LET agus le treochlár LET, nach bhfuil faoi réir na gConclúidí seo."

5. Forbróidh an Coiste idirghníomhaíochtaí agus comhleanúnachas straitéiseach, de réir mar is iomchuí, le réimsí eile beartais atá ábhartha do raon iomlán an taighde agus na nuála.

6. Trína Bhord Stiúrtha, áiritheoidh an Coiste go gcomhordófar an obair idir é féin agus na grúpaí eile a bhaineann le LET, go háirithe ó thaobh chomhleanúnachas agus uainiú a gclár oibre agus ó thaobh shocrú na dtosaíochtaí. Ullmhóidh an Coiste tuarascáil ghearr bhliantúil don Chomhairle maidir lena éifeachtaí atá an próiseas sin. Ar bhealach níos ginearálta, trína Bhord Stiúrtha nó trí mhodhanna eile, áiritheoidh an Coiste go bhfuil na grúpaí eile a bhaineann le LET ar an eolas faoi fhorbairtí atá ábhartha do chomhthéacs LET ina iomláine.

7. Déanfaidh an Coiste sainorduithe na ngrúpaí eile a bhaineann le LET a mheasúnú nuair is gá sin, ach ar a laghad uair amháin gach trí bliana, ar aon dul le nós imeachta comhaontaithe an Choiste i ndáil leis an gcúram sin; agus déanfaidh sé moltaí don Chomhairle[16] más gá na sainorduithe a athbhreithniú nó a aisghairm i bhfianaise an dul chun cinn ó thaobh chur chun feidhme nó nuashonrú Thosaíochtaí LET.

8. Déanfar sainordú an Choiste a mheasúnú freisin mar chuid den phróiseas sin. Más gá dianbhreithniú a dhéanamh ar a shainordú i gceann de na hathbhreithnithe, ba cheart go mbeadh na moltaí a thabharfaí don Chomhairle bunaithe ar chomhairle neamhspleách arna fáil ar bhonn a bheidh le cinneadh ag na hUachtaránachtaí a bheidh ann i dtréimhse an athbhreithnithe.

**Comhaltaí agus Breathnóirí**

9. D'fhonn a áirithiú go mbeidh an Coiste éifeachtach agus go mbeidh tionchar aige, beidh suas le beirt ionadaithe ar leibhéal iomchuí ó gach Ballstát ann, a bhfuil freagracht orthu as beartais taighde agus nuála, agus an Coimisiún (a nglaofar Comhaltaí orthu anseo feasta).

10. Féadfaidh an Coiste iarraidh ar ionadaithe ó thíortha comhlachaithe Chreatchlár an Aontais Eorpaigh bheith páirteach ina chuid cruinnithe mar bhreathnóirí. Féadfaidh sé iarraidh ar bhreathnóirí eile teacht freisin, lena n-áirítear Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa, más gá sin i gcás ábhair ar leith. Is iad na Ballstáit amháin a bheidh vóta acu, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh codanna áirithe de chruinnithe nach mbeadh cead isteach ann ach ag na Ballstáit.

[16] Le linn na hidirthréimhse ina mbeidh roinnt grúpaí fós faoi choimirce an Choimisiúin, tuigfear gurb é atá sa téacs moltaí don Choimisiún i dtaca leis na grúpaí sin.

11. Na toscairí ar fad ó na Ballstáit agus ó na Tíortha Comhlachaithe, is mar ionadaithe foirmiúla thar cheann a dtíre atá siad ar an gCoiste agus ní mar shaineolaithe aonair agus ba cheart go ndéanfadh siad an comhordú iomchuí leis na hionadaithe náisiúnta i ngrúpaí eile a bhaineann le LET.

**Eagrúchán**

12. Tiocfaidh an Coiste le chéile ar a laghad ceithre huaire sa bhliain (agus beidh sé d'aidhm aige teacht le chéile ar a laghad uair amháin sa bhliain ar leibhéal na Stiúrthóireachta Ginearálta). De ghnáth, tionólfar na cruinnithe sa Bhruiséil ach d'fhéadfadh sé go n-óstálfadh an tír a bhfuil Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici iad.

13. Beidh an Coimisiún agus ionadaí tofa ó na Ballstáit ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste. Beidh socraíochtaí iomchuí sna Rialacha Nós Imeachta i ndáil le leaschathaoirligh a ainmniú dá dtarlódh sé nach mbeadh ceachtar den bheirt chomhchathaoirleach ar fáil.

14. Déanfar an comhchathaoirleach ó na Ballstáit a thoghadh as measc ionadaithe na mBallstát ar an gCoiste, trí thromlach dá chuid Comhaltaí, ar feadh tréimhse trí bliana, a fhéadfar a athnuachan aon uair amháin.

15. Cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle rúnaíocht ar fáil don Choiste. Is é príomhchúram na rúnaíochta cabhrú leis an gCoiste agus é ag feidhmiú. Go háirithe, cabhróidh sí leis na comhchathaoirligh ó thaobh ullmhúchán, reáchtáil agus obair leantach na gcruinnithe, lena n-áirítear cláir shealadacha oibre agus doiciméid ghaolmhara a chur timpeall, agus conclúidí achomair na gcruinnithe a dhréachtú. Tacóidh an Coimisiún le hobair an Choiste sin laistigh dá raon inniúlachta.

16. Beidh Bord Stiúrtha ag an gCoiste. Gníomhóidh comhchathaoirligh an Choiste mar chomhchathaoirligh an Bhoird Stiúrtha freisin. Is iad a bheidh ar an mBord Stiúrtha ná comhchathaoirligh Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde, cathaoirligh na ngrúpaí eile a bhaineann le LET, ionadaí thar cheann an Bhallstáit a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aige agus ionadaí thar cheann an chéad Bhallstáit eile a mbeidh an Uachtaránacht sin aige, agus beirt Chomhaltaí a thoghfar as measc ionadaithe na mBallstát ar an gCoiste, trí thromlach dá Chomhaltaí, ar feadh tréimhse trí bliana. Cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle an Rúnaíocht ar fáil don Bhord Stiúrtha. Cabhróidh seirbhísí an Choimisiúin leis an mBord Stiúrtha.

17. Ullmhóidh an Bord Stiúrtha na dréachtchláir oibre agus na dréachtchláir shealadacha oibre do chruinnithe an Choiste i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste. Socróidh an Bord Stiúrtha freisin na míreanna ar an gclár oibre ar cheart iad a chur faoi chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus iad siúd ar cheart a chur faoi chomhchathaoirleacht na mBallstát. Caithfidh na comhchathaoirligh bheith ar aon intinn lena chéile faoi na dréachtchláir oibre agus na dréachtchláir shealadacha oibre sula gcuirfear faoi bhráid an Choiste iad lena bhformheas nó lena nglacadh faoi seach. Níl aon chumhacht ghinearálta ag an mBord Stiúrtha cinntí a dhéanamh thar cheann an Choiste seachas i ndáil le hábhair a shanntar dó leis an sainordú seo nó míreanna ar leith a tharmligean an Coiste dó.

18. Forbróidh CLETN agus na grúpaí eile a bhaineann le LET a gcuid clár oibre féin do thréimhse 18 mí (arna mbunú ar chláir fhoireann na dtrí Uachtaránacht atá le teacht), déanfaidh siad a gcuid clár oibre féin, a gcuid gníomhaíochtaí agus a gcuid torthaí féin a chur ar fáil i gcomhréir lena gcuid sainorduithe agus Treochlár LET. Pléifear gnéithe ábhartha na ndréachtchlár oibre le Bord Stiúrtha CLETN, lena n-áirítear uainiú na hoibre, sceidealú na gcruinnithe agus pleanáil na cumarsáide leis an gComhairle, agus cuirfear tuairimí Bhord Stiúrtha CLETN san áireamh. Áiritheoidh Cathaoirligh na ngrúpaí a bhaineann le LET go ndéanfar substaint an phlé sin a thuairisciú ar bhonn córasach dá ngrúpaí. Sular ndéanfaidh gach grúpa a chlár oibre a ghlacadh, cuirfear faoi bhráid an Choiste iad le háirithiú go mbeidh comhleanúnachas foriomlán ann i measc na ngrúpaí a bhaineann le LET agus chun bearnaí nó dúbailt a sheachaint i gclúdach thosaíochtaí LET. Sa chreat seo, beidh freagracht iomlán ar CLETN agus na grúpaí eile a bhaineann le LET as mianach na comhairle a chuirfidh siad ar fáil.

19. Ach toradh an phróisis athbhreithnithe mar a chuirtear síos air i míreanna 7 agus 8 thuas a bheith formheasta ag an gComhairle, féadfaidh an Coiste grúpaí nua a bhaineann le LET a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí straitéiseacha a mbeadh roinnt blianta oibre ag teastáil dóibh, bíodh siad mar bhuanghrúpaí de chuid CLETN (ar féidir leis an gCoiste é féin a sainordú a fhormheas) nó mar fhoirmíochtaí de chuid CLETN faoi réir fhormheas na Comhairle. Ní fhéadfadh líon na ngrúpaí a bhaineann le LET bheith níos mó ná líon na dTosaíochtaí LET mar a chinneann an Chomhairle é. I gcás tosaíochtaí níos gearrthéarmaí, beidh sé d'údarás ag an gCoiste meithleacha ad hoc a bhunú, nach mairfidh ach ar feadh isteach agus amach ar aon bhliain amháin, a mbeidh cúraimí sonracha orthu a bhaineann lena sainordú. Ní gá go mbeadh gach toscaireacht páirteach sna meithleacha ad hoc. Féadfaidh an Coiste freisin ceann amháin dá chuid comhaltaí a roghnú le gníomhú mar rapporteur ar feadh tréimhse theoranta agus i ndáil le hábhair shonracha dá dteastaíonn teagmháil idir CLETN agus grúpaí eile i réimse an taighde agus na nuála.

20. Luafar, de réir mar is iomchuí, sna conclúidí achomair, sna tuairimí agus sna tuarascálacha de chuid an Choiste, go raibh na Comhaltaí ar aon intinn, na vótaí a caitheadh agus freisin na tuairimí a raibh mionlach ag tacú leo. Beidh feidhm ag an vótáil tromlaigh cháilithe maidir le gach ábhar a bhaineann le grúpaí foirmiúla a bhaineann le LET a bhunú nó a dhíscaoileadh, agus beidh feidhm aici freisin i ndáil le haon chomhairle a thabharfaí don Chomhairle maidir leis na cúrsaí sin. Úsáidfear vótáil tromlaigh shimplí i gcás gach ábhair eile.

21. Tarraingeoidh an Coiste suas, trí chomhaontú le Bord Stiúrtha CLETN, rialacha nós imeachta a bheidh comhleanúnach le rialacha nós imeachta na ngrúpaí eile a bhaineann le LET.